

# Smaoineamh: Mionsiúlóid le haghaidh Uisce

Lá deasghnátha na Náisiún Aontaithe is ea Lá Uisce an Domhain, a reáchtáiltear an 22 Márta gach bliain ó bhí 1993 ann agus a dhíríonn ar an tábhacht a bhaineann le fionnuisce. Déanann sé ceiliúradh ar uisce freisin, ardaíonn sé feasacht ar na 2.2 billiún duine ar fud an domhain a mhaireann gan rochtain ar uisce sácháilte, tugann sé deis níos mó a fhoghlaim ar shaincheistanna a bhaineann le huisce, spreagann sé plé agus spreagann sé daoine gníomhú.

Roghnaítear téama gach bliain chun fócas a sholáthar. Mar shampla:


- 2020 Le "Uisce agus Athrú Aeráide" déantar imscrúdú ar an gcaoi a bhfuil an dá shaincheist fite fuaite ina chéile
- 2019 "Níl duine ar bith fágtha ar lár".
- 2018 "Dúlra le haghaidh Uisce"

Croífhócas Lá Uisce an Domhain is ea tacú le Sprioc 6 um Fhorbairt Inbhuanaithe "Uisce Glan agus Sláintíocht" a bhaint amach do gach duine faoi 2030.

Chun tuilleadh a fhoghlaim, téigh chuig:  
<https://www.un.org/en/observances/water-day>  
<https://www.worldwaterday.org/>  
<https://sustainabledevelopment.un.org/sdg6>




6KM



## Cad is féidir linn a dhéanamh:

In Éirinn, tá rochtain ar uisce óil sácháilte agus sláintíocht bhunúsach ag an gcuid is mó de dhaoine. Ba chóir go mbeadh an rochtain seo ag gach duine ar domhan. Trí Siúlóid le haghaidh Uisce a dhéanamh timpeall Lá Uisce an Domhain, nó nuair is féidir, is féidir feasacht a ardú faoi mhná agus leanaí i dtiortha ar fud an domhain a shiúlann 6km sa lá ar an meán chun rochtain a fháil ar uisce, agus ní mór dóibh ualaí troma suas le 20 lítear a iompar ar a mbealach ar ais. Go minic bíonn an t-uisce a fhaigheann siad salach nó ní bhíonn sé ann ar chor ar bith, mar gheall ar thriomach nó astarraingt.

Deis atá in imeacht Siúlóid le haghaidh Uisce airgead a bhailiú le haghaidh tionscadal uisce, rud a chabhraíonn leo siúd atá ar an ganchnuid.




## Mionsiúlóid le haghaidh Uisce

Bain triail as Mionsiúlóid le haghaidh Uisce agus ardaigh feasacht ar an easpa uisce glan inrochtana ar fud an domhain.




### CÉARD ATÁ AG TEASTÁIL UAIT?

- Páipéar, peann luaidhe agus scriosán
- Pinn luaidhe dathúcháin/marcóirí/péint
- Miosúr agus seiliteip
- Guthán (chun grianghraif a ghlacadh agus a roinnt)
- Mála
- Buidéal Uisce nó leabhair
- Éadaí oiriúnacha agus bróga (don aimsir) agus uachtar gréine más gá
- Sneiceanna fuinnimh e.g. torthaí, cnónna, etc.



### AN RUD LE DÉANAMH

- Déan do bhealach a mhapáil/a tharraingt sa bhaile, i do ghairdín nó san fhaiche áitiúil (más féidir) - déan suimiúil é trí chúpla bacainn a chur isteach ar do bhealach. Déan an bealach a thomhas agus oibrigh amach cá mhéad cuaird a theastaíonn uait chun 2 nó 3 km a dhéanamh (nó más mian leat, déan 5 km a thomhas atá gar don mheán 6 km).
- Déan roinnt comharthaí Siúlóid le haghaidh Uisce le haghaidh na siúlóide chun greim a choinneáil orthu nó chun iad a chur ar do bharréide le téip agus, más laistigh atá tú, cuir roinnt comharthaí ar d'fhuinneog.
- Faigh roinnt málaí agus coimeádán folamh chun uisce a iompar iontu, chun eispéireas dhaoine eile a mhothú. Roghnaigh roghanna atá níos neamhdhiobhálaí don chomhshaoil, b'fhéidir, agus déan machnamh ar leabhair a úsáid in ionad uisce agus má tá tú ag úsáid uisce, bailigh é ó bhutaí uisce agus cuir aon uisce a úsáideadh ar phlandaí nó bain úsáid as le haghaidh saothar ealaíne. Bain triail as 6 lítear a iompar más duine fásta thú, nó 3 lítear más leanbh thú.
- Iarr ar na daoine i do theaghlach páirt a ghlacadh agus cuidiú a thabhairt, más féidir. Chomh maith leis sin, agus na meáin shóisialta, fóin, etc. á n-úsáid agat, inis do bhaill an teaghlach agus do chairde lasmuigh den teach an méid atá á dhéanamh agat chun feasacht a ardú faoi cheist an ganntanais Uisce.
- Ar Twitter, bain úsáid as an haishchlib #MiniWalk4Water nó #SiúlArThóirAnUisce agus tú ag tuiteáil agus roinnfidid do chuid tuiteanna ar ár gcuntas.
- Má tá tú ag iarraidh airgead a bhailiú d'oibreacha a bhaineann le huisce i bpobail ar fud an domhain, déan 'GoFundMe' agus iarr ar do chairde agus ar do theaghlach tacú leis.
- Is féidir do scéalta agus do ghrianghraif a sheoladh chuig oifig na Scoileanna Glasa faoi bhráid ár nOifigigh Chumarsáide ag [greenschools@eeu.antaisce.org](mailto:greenschools@eeu.antaisce.org)
- Déan seiceáil ar an aimsir roimh do shiúlóid bheartaithe (más lasmuigh atá sí) ar <https://www.met.ie/forecasts/national-forecast>
- Agus ar ndóigh, déan do shiúlóid/rás sealaíochta/cúrsa bacainní, bain spraoi agus taitneamh as!



### CONCLUÍD...

Agus Mionsiúlóid le haghaidh Uisce déanta agat, ar bhain tú taitneamh as, agus an ndéanfá arís é an bhliain seo chugainn? Conas a bhí sé Mionsiúlóid le haghaidh Uisce a eagrú? Ar raibh aon rud ar leith a bhí deacair nó éasca, dar leat? An molfá do dhaoine eile Mionsiúlóid le haghaidh Uisce a dhéanamh? Ar mhaith leat tuilleadh a fhoghlaim faoi Siúlóid le haghaidh Uisce? Dá mba mhaith leat, féach ar cheann de na laithreáin ghréasáin a leanas:



- [www.greenschoolsireland.org](http://www.greenschoolsireland.org)
- <https://wandelenvoorwater.nl/>
- <https://walkingforwater.dk/>
- <https://www.worldwaterday.org/>